Tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa maidir le Togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le daoine a bhíonn ag gabháil don rannpháirtíocht phoiblí a chosaint ar imeachtaí cúirte atá go follasach gan bhunús nó mí-úsáideach ("Imeachtaí sibhialta straitéiseacha i gcoinne rannpháirtíocht phoiblí")

(COM(2022) 177 final — 2022/0117 COD)

(2023/C 75/20)

Rapóirtéir: **Tomasz Andrzej WRÓBLEWSKI**

Comhrapóirtéir: **Christian MOOS**

Bunús dlí	Airteagal 304 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh
Rannóg atá freagrach	Fostaíocht, Gnóthaí Sóisialta agus Saoránacht
Dáta a glactha sa rannóg	29.09.2022
Dáta a glactha sa seisiún iomlánach	26.10.2022
Seisiún iomlánach Uimh.	573
Toradh na vótála	
(ar son/in aghaidh/staonadh)	143/2/6

1. **Conclúidí agus moltaí**

1.1. Is díol sásaimh do CESE an tionscnamh ón gCoimisiún; is céim chun cinn é chun nósanna imeachta gobáin, a bhfuil a líon ag dul i méid san Eoraip ó 2015, a chomhrac ([1]). D'fhonn sochaí shibhialta atá feasach agus trédhearcach sa saol poiblí a thógáil, is den tábhacht é go ndéanfaí imeachtaí sibhialta straitéiseacha i gcoinne rannpháirtíocht phoiblí (SLAPP) a chomhrac, arb ionann iad agus imeachtaí cúirte atá go hiomlán nó go páirteach gan bhunús a thugtar i ndáil le rannpháirtíocht phoiblí agus a bhfuil sé de phríomhchuspóir acu an rannpháirtíocht phoiblí a chosc nó a shrianadh nó pionós a ghearradh ina leith. Ó tharla go dtugann páirtithe lasmuigh den Aontas cásanna SLAPP os comhair na cúirte freisin, cuidíonn bearta i gcoinne chaingne SLAPP chun an daonlathas Eorpach a chosaint ó bhagairtí seachtracha.

1.2. Is minic éagothroime mór cumhachta in imeachtaí SLAPP — bíonn níos mó acmhainní airgeadais nó institiúideacha ag gearánaithe, rud a fhágann éasca go maith acu é imeachtaí a thionscnamh. Sa chomhthéacs sin, is den tábhacht é go gcuirtear na huirlisí cearta ar fáil do chosantóirí chun iad féin a chosaint sa chomhrac seo atá éagothrom faoi láthair.

1.3. Ba cheart a chur i bhfáth gurb ionann caingne SLAPP agus mí-úsáid a bhaint as an dlí agus nach féidir glacadh leis sin i stáit dhaonlathacha atá faoi rialú an smachta reachta. Is iriseoirí, go háirithe iriseoirí neamhspleácha, is mó atá gan chosaint ón mbagairt seo, ach d'fhéadfadh an fhadhb tionchar a imirt freisin ar rannpháirtithe eile sa díospóireacht phoiblí.

1.4. Is den tábhacht freisin caingne SLAPP a idirdhealú ó chosaint ceart pearsanta agus ón deis dea-ainm an duine a chosaint i gcásanna clúmhillte. Is é atá i gceist le SLAPP iompar atá gan bhunús agus atá dírithe ar an díospóireacht phoiblí a chur faoi chois agus na rannpháirtithe sa díospóireacht sin a chur ina dtost. Fágann sin nuair a dhéantar maíomh i gcoinne SLAPP nach ndéantar dochar d'fheidhmiú an chirt chun cúirt dlí agus nach dtugtar cosaint dóibhsean a scaipeann ábhar bréagach nó clúmhillteach.

1.5. Is díol sásaimh do CESE na sásraí atá beartaithe, ach b'fhiú féachaint le cur leis an liosta sin agus an reachtaíocht á hullmhú. I measc na dtograí breise a d'fhéadfaí a chur san áireamh tá go bhféadfaí díriú ar réamhrialú a thabhairt isteach lena ndéanfaí imeachtaí a shuitear a bheith neamhchomhlíontach a fhoirceannadh, imeachtaí a chomhdhlúthú ar iarratas ón gcosantóir ina dhlínse/dlínse ainmnithe féin, teorainn ama a leagan síos don nós imeachta nó conair mhear a thabhairt isteach, nó é a chur as an áireamh go bhféadfadh duine éigin eile seachas an gearánaí an chaingean a mhaoiniú.

([1]) *CASE Report*

1.6. Chomh maith le reachtaíocht nua a chur chun feidhme, rud a d'fhéadfadh cúpla bliain a ghlacadh de thoradh an phróisis dlí, is fiú reachtaíocht náisiúnta a athbhreithniú d'fhonn sásraí a shainaithint a d'fhéadfaí a úsáid faoi láthair chun cur i gcoinne chaingne SLAPP. D'fhéadfadh sé go bhféadfaí cosaint níos fearr a thabhairt do na rannpháirtithe sa díospóireacht phoiblí dá ndéanfaí na cúiseanna atá leis nach bhfuil na sásraí atá ann á n-úsáid go héifeachtach a shainaithint.

1.7. Is saincheist thábhachtach freisin faireachán a dhéanamh ar chaingne SLAPP agus ar a éifeachtaí is atá na réitigh a chuirtear chun feidhme. Ba chóir machnamh áirithe a dhéanamh maidir le cé ba cheart na measúnuithe sin a dhéanamh, agus aird a thabhairt air, go háirithe, gur féidir le hinstitiúidí poiblí caingne SLAPP a thionscnamh freisin. Fágann sin go mb'fhéidir nach mbainfí amach go sásúil na cuspóirí atá beartaithe dá ndéanfaí an inniúlacht sin a tharmligean chuig Ballstát.

1.8. Ag an am céanna, d'fhonn a áirithiú go mbainfear cuspóir na Treorach amach ar bhealach chomh héifeachtach agus is féidir, ba chóir cur i bhfeidhm na Treorach a mheas sa tréimhse is giorra agus is féidir. Is é tuairim CESE go mbeadh tréimhse níos giorra níos oiriúnaí ná an tréimhse cúig bliana atá beartaithe faoi láthair.

1.9. Ó tharla gur i gcás imeachtaí trasteorann amháin atá sé i gceist an Treoir a chur i bhfeidhm, is den tábhacht freisin é go ndéanfaí dul chun cinn maidir le Ballstáit aonair tionscnaimh den chineál céanna a thabhairt isteach i gcás imeachtaí náisiúnta. Ó tharla gur le himeachtaí trasteorann amháin a bhainfidh an Treoir, fágfaidh sin nach mbeidh cosaint ach ag rannpháirtithe ar leith sa díospóireacht phoiblí agus go ndéanfar neamhaird ar iriseoirí, gníomhaithe agus sceithirí áitiúla go háirithe. Ní mór cur chuige aontaithe a ghlacadh i gcásanna trasteorann agus i gcásanna náisiúnta má táthar le beart cuimsitheach a dhéanamh i gcoinne chaingne SLAPP.

1.10. Ba chóir a chur ina luí ar Bhallstáit a gcuid dlíthe náisiúnta a athbhreithniú le súil agus an clúmhilleadh a dhíchoiriúlú. Ba chóir gur de chineál dlí shibhialta imeachtaí ar bith a bhaineann le cearta an duine. D'fhéadfadh sé tarlú go mbeadh níos mó faitís ar rannpháirtithe sa díospóireacht phoiblí a gcuid tuairimí a roinnt nó éagóiritheoireacht a shéanadh sa chás go bhféadfadh dliteanas coiriúil a bheith i gceist.

1.11. Chomh maith le rialacháin dlí, cuireann CESE i bhfáth gur den ríthábhacht é bearta oideachais agus oiliúna iomchuí a chur i bhfeidhm do ghairmithe dlí (go háirithe breithiúna agus aturnaetha páirtithe) agus do rannpháirtithe sa díospóireacht phoiblí — iriseoirí, gníomhaithe sóisialta, cosantóirí ar chearta an duine, sceithirí nó gnáthshaoránaigh.

2. **Barúlacha ginearálta**

2.1. Tá an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh, chomh maith le saoirse na meán cumarsáide a eascraíonn uaithi, ar cheann de na bunluachanna ba cheart do stáit dhaonlathacha a ráthú faoin smacht reachta.

2.2. Leis an gceart maidir le saoirse chun tuairimí a nochtadh, mar a chuirtear in iúl in Airteagal 11 de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, áirítear an tsaoirse chun tuairimí a bheith ag an duine agus an ceart chun faisnéis agus smaointe a thabhairt gan cur isteach ó údaráis phoiblí agus gan beann ar theorainneacha tíre. Ag an am céanna, leagtar béim ar an meas ar shaoirse agus ar iolrachas na meán. Áirítear ráthaíochtaí den chineál céanna i bpíosaí eile reachtaíochta amhail Dearbhú Uilechoiteann Chearta an Duine, an Coinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine, an Treoir (AE) 2019/1937 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([2]) maidir le cosaint daoine a thuairiscíonn sáruithe ar dhlí an Aontais ("an Treoir maidir le cosaint do lucht sceite eolais"), agus achtanna dlí arna nglacadh ag Ballstáit aonair, a léiríonn an ghné uilechoiteann a bhaineann leo agus an ról tábhachtach atá acu.

2.3. Mar gheall ar fhorbairt na teicneolaíochta, tá athrú mór le scór go leith bliain nó mar sin ar an gcineál díospóireachta poiblí atá ar bun. Go dtí le déanaí, ba iad an teilifís, an raidió agus na nuachtáin na meáin chumarsáide ba mhó a bhí ann don díospóireacht seo, meáin a chruthaigh iriseoirí gairmiúla agus sceithirí eolais den chuid is mó. Tá ról tábhachtach sa lá atá inniu ann ag na meáin chumarsáide ar líne a chuireann ar chumas duine ar bith a gcuid tuairimí a chur faoi bhráid lucht féachana leathan agus iad a phlé, lena n-áirítear sin a dhéanamh gan a n-ainm a thabhairt.

([2]) Treoir (AE) 2019/1937 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2019 maidir le cosaint daoine a thuairiscíonn sáruithe ar dhlí an Aontais (IO L 305, 26.11.2019, lch. 17).

2.4. I gcomhthéacs fhorbairt na meán cumarsáide agus athruithe ar an teicneolaíocht, is den tábhacht é sásraí a thabhairt isteach lena áirithiú go ndéantar an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh a chosaint mar is ceart do gach rannpháirtí sa díospóireacht phoiblí, ní hamháin iriseoirí gairmiúla ach freisin gníomhaithe comhshaoil ([3]) agus sóisialta, cosantóirí ar chearta an duine, eagraíochtaí neamhrialtasacha, sceithirí ([4]) sa chiall is leithne, saoránaigh ghníomhacha, ceardchumainn agus daoine agus eagraíochtaí aonair eile a labhraíonn amach go poiblí faoi shaincheisteanna tábhachtacha sóisialta.

2.5. Tá sé tábhachtach béim a chur air nach amháin go bhfuil tábhacht le saoirse na meán cumarsáide ach freisin leis an ngá atá le hiolrachas na meán a áirithiú. Tá CESE ag dearbhú arís na gconclúidí a thug sé le fios maidir le "saoirse agus éagsúlacht na meán a áirithiú san Eoraip" ([5]). Díospóireacht oscailte, gan srian de chineál ar bith, an bhunchloch atá le sochaí rannpháirtíoch agus ní féidir le daonlathas feidhmiú mar is ceart dá huireasa ([6]). Is féidir gur teannas sóisialta agus foréigean an toradh a bheadh ar aon ghuth a eisiamh as an díospóireacht phoiblí, mar a tharla san am a caitheadh. Ní tuiscint chúng ar na meáin chumarsáide mar shainghrúpa eintiteas atá i mbun gníomhaíochtaí meán cumarsáide ar bhonn gairmiúil ba cheart a bheith ann ach go dtuigfí as gur grúpa iad ina bhfuil páirt ghníomhach ag daoine aonair a roinneann a dtuairmí nó a chuireann a seasamh in iúl, is cuma cén foinse atá i gceist: an t-idirlíon, fóraim, blaganna nó podchraoltaí. Tá tábhacht ar leith leis sin i dtíortha ina bhfuil na meáin chumarsáide phoiblí faoi smacht páirtithe polaitíochta atá i gceannas nó i dtíortha ina bhfuil meáin chumarsáide phríobháideacha faoi smacht cúpla úinéir, a fhéachann an teachtaireacht a smachtú agus éagsúlacht na ndíospóireachtaí poiblí a shrianadh.

2.6. Laistigh den Aontas, déanann spásanna sibhialta atá ag laghdú beag is fiú de chumas eagraíochtaí sa tsochaí shibhialta ról tábhachtach a imirt i bhfeidhmiú agus i gcosaint an daonlathais agus an smachta reachta. Tá Dlíthíocht Straitéiseach i gcoinne Rannpháirtíocht Phoiblí (SLAPP) ar cheann de na huirlisí a úsáidtear chun sochaí shibhialta chriticiúil a chur ina tost. Is díol sásaimh do CESE an rún ó Pharlaimint na hEorpa maidir le bearta chun an laghdú atá ag teacht ar spásanna sibhialta ([7]) a chomhrac agus tá CESE den tuairim nach uirlis amháin i sraith uirlisí an Aontais atá sa treoir atá beartaithe ach gur céim mhór chun cinn í freisin chun deireadh a chur leis na cleachtais sin.

2.7. Ó tharla deiseanna níos leithne ann chun ráitis, fógraí agus gníomhachas sóisialta a fhoilsiú, ní hamháin gur féidir an díospóireacht phoiblí a leathnú ach is féidir freisin an ceann is fearr a fháil ar fheiniméin ar ábhar imní iad trí mhí-úsáidí cumhachta faoi láimh institiúidí stáit nó príobháideacha a nochtadh, lena n-áirítear calaois nó míleithreasú cistí poiblí. Tá CESE á chur in iúl freisin i bhfianaise na meán cumarsáide (sa chiall is leithne, lena n-áirítear gníomhaíochtaí gairmiúla agus amatéaracha rannpháirtithe sa díospóireacht phoiblí) a bheith ar an "ceathrú heastát", nach é an tuairimíocht a mhúnlú an t-aon chúram atá orthu, ach go bhfuil orthu freisin faireachán a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí na n-údarás poiblí agus gníomhaithe príobháideacha. Fágann sin gur den mhórtábhacht é an "ceathrú cumhacht" a chosaint d'fhonn caighdeáin dhaonlathacha agus an smacht reachta a áirithiú.

2.8. Feiniméan coitianta atá ag dul i dtreis sna Ballstáit is ea mí-úsáid a bhaint as imeachtaí dlí chun bac a chur ar an díospóireacht phoiblí. Daoine aonair, institiúidí agus cuideachtaí a bhfuil tionchar agus acmhainní móra airgeadais agus eagraíochtúla acu, baineann siad leas as a gcuid cumhachtaí chun lucht a gcáinte a chur ina dtost, trí úsáid a bhaint as uirlisí nuálacha amhail mí-úsáid a bhaint as dlíthe RGCS, nó foinsí faisnéise iriseoirí a éileamh, tráth a mbíonn easpa acmhainní airgeadais nó eagraíochtúla go minic ar lucht sin a gcáinte, lena n-áirítear iriseoirí aonair agus gníomhaithe sa tsochaí shibhialta atá ag gníomhú ina sceithirí eolais, chun iad féin a chosaint ó dhlíthíocht gan údar. Ní as an Aontas Eorpach roinnt de na daoine nádúrtha agus dlítheanacha a bhaineann leas as caingne SLAPP i gcoinne saoránach agus gníomhaithe sa tsochaí shibhialta san Aontas Eorpach. Tráth a bhfuil teannais gheopholaitiúla ag dul i dtreis, ní mór don Aontas a bheith faoi réir le sraith beart chun daonlathas an Aontais a chosaint ó bhagairtí seachtracha, bearta i gcoinne chaingne SLAPP san áireamh.

([3]) NAT/824 — Tuarascáil faisnéise ó CESE Cosaint an chomhshaoil mar réamhriachtanas chun na cearta bunúsacha a urramú.
([4]) SOC/593 — Tuairim ó CESE An chosaint a thugtar do sceithirí a neartú ar leibhéal an Aontais, (IO C 62, 15.2.2019, lch. 155) (níl leagan Gaeilge ann).
([5]) SOC/635 — Tuairim ó CESE Saoirse agus éagsúlacht na meán cumarsáide san Eoraip a áirithiú (Tuairim féintionscnaimh) CESE 2021/01539, (IO C 517, 22.12.2021, lch. 9).
([6]) REX/545 — Tuarascáil faisnéise ó CESE Tacú le hearnáil na meán neamhspleách sa Bhealarúis.
([7]) Rún ó Pharlaimint na hEorpa ar an spás atá ag laghdú don tsochaí shibhialta san Eoraip — 2021/2103(INI). (IO C 347, 9.9.2022, lch. 2).

2.9. Ní thagann imeachtaí SLAPP faoin gceart chun cúirte; ní hé an aidhm atá leo cearta an ghearánaí a fhorfheidhmiú ach imeaglú a dhéanamh ar lucht a gcáinte, sin agus iad a lagú, agus acmhainní an chosantóra a ídiú. Is minic a thugtar cásanna dlí gan bhunús os comhair na cúirte, agus go ndéantar sin arís agus arís eile; an tionchar a bhíonn aige sin ná go ndéantar imeaglú ar na heagraíochtaí, daoine aonair nó gaolta, fiú, atá cúisithe agus atá rannpháirteach sa díospóireacht phoiblí agus go gcuirtear ina dtost iad agus go ndíspreagtar tuilleadh gníomhaíochta uathu. Nuair nach ndéantar aon ghníomh i gcoinne éifeachtaí díobhálacha den chineál sin ar ghníomhaíochtaí, is féidir gur monaplú nó olagaplú na meán an toradh a bhíonn air, rud a thagann salach ar idéil an smachta reachta dhaonlathaigh.

2.10. Ó tharla ról tábhachtach a bheith ag na meáin chumarsáide, ag eagraíochtaí neamhrialtasacha, ag sceithirí eolais agus ag eintitis eile maidir le sochaí shibhialta a thógáil agus gníomhú ar mhaithe le leas an phobail, tá sé ríthábhachtach a áirithiú go bhfaighidh siad cosaint leordhóthanach i gcás ina ndéanfaí sárú ar a saoirse chun tuairimí a nochtadh nó go bhféachfaí le sárú den chineál sin a dhéanamh, go háirithe i gcás inar léir go bhfuil éagothroime cumhachta agus acmhainní i gceist. I gcás inar léir go bhfuil éagothroime den chineál sin ann, d'fhéadfadh teacht as éifeachtaí diúltacha maidir le diúltú an chosantóra leanúint de bheith rannpháirteach sa díospóireacht phoiblí agus go séanfaí aon mhí-úsáid nó calaois nó sárú ar chearta an duine. Is fadhb mhór dóibhsean ar léir iad a bheith ina sprioc ag caingean SLAPP na costais arda a bhaineann le dlíthíocht, costais a mhéadaíonn tuilleadh mar thoradh ar iompar straitéiseach chun fad a chur leis na himeachtaí.

2.11. In amanna, bíonn gníomhaíochtaí gránna eile ag gabháil le caingne straitéiseacha atá dírithe ar shrian a chur leis an díospóireacht phoiblí, amhail imeaglú agus ciapadh chomh maith le bagairtí ar an gcosantóir. Déanann na caingne sin dochar freisin don tsochaí shibhialta agus do leas an phobail agus ba chóir freagairt dhian agus phras a thabhairt orthu, gan beann ar acmhainní airgeadais ná ar phribhléid na ngníomhaithe atá i gceist.

2.12. Ag an am céanna, ní féidir neamhaird a thabhairt ar an bhfadhb a bhaineann le faisnéis bhréagach nó fuathchaint fhollasach, rudaí ba cheart a bheith faoi réir fíorú agus, i gcás ina suitear go bhfuil sárú i gceist, iad a bhaint anuas den spás poiblí. Mar sin féin, tá CESE á áitiú go mbainfí úsáid bheacht agus cheart as na prótacail atá ann cheana, ar prótacail iad a eascraíonn as cur i bhfeidhm na Treorach 2012/29/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([8]), toisc nár cheart, de thoradh caingne a bhaineann leis sin, go ndéanfaí saoirse chun tuairimí a nochtadh a shrianadh i gcás nach bréagnuacht atá san fhaisnéis agus sna tuairimí atá á gcur in iúl agus nach ndéantar fuath a ghríosadh leo ([9]). Ar chuma ar bith, níor cheart na cleachtais sin a bheith ina leithscéal maidir le teorainn a chur leis an gceart chun tuairimí a nochtadh.

2.13. Is díol sásaimh do CESE an togra ón gCoimisiún Eorpach le haghaidh Treoir maidir le daoine a bhíonn ag gabháil don rannpháirtíocht phoiblí a chosaint ar imeachtaí cúirte atá go follasach gan bhunús nó mí-úsáideach ([10]) agus an Moladh (AE) 2022/758 ([11]) ón gCoimisiún maidir le hiriseoirí agus cosantóirí chearta an duine a bhíonn i mbun rannpháirtíocht an phobail a chosaint ó imeachtaí cúirte ar follasach go bhfuil siad gan bhunús nó mí-úsáideach.

2.14. Tá CESE ag iarraidh ar Pharlaimint na hEorpa agus ar an gComhairle an Treoir a ghlacadh gan mhoill mar nach mór bearta chun iriseoirí, gníomhaithe sa tsochaí shibhialta agus daoine eile a bhíonn ag gabháil don rannpháirtíocht phoiblí a chur chun feidhme ar bhonn práinne.

2.15. Is díol sásaimh do CESE cinneadh Rialtas na hÉireann páirt a ghlacadh i nglacadh agus i gcur i bhfeidhm na Treorach atá beartaithe. I gcomhréir le hAirteagal 3 agus Airteagal 4a(1) de Phrótacal Uimh. 21 maidir le seasamh na Ríochta Aontaithe agus na hÉireann i dtaca leis an limistéar saoirse, slándála agus ceartais, atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, féadfaidh Éire a shocrú fógra a thabhairt agus a bheith rannpháirteach i nglacadh agus i gcur i bhfeidhm na Treorach seo.

2.16. Chomh maith leis na moltaí atá sa tionscnamh ón gCoimisiún maidir le SLAPP, tá CESE ag iarraidh ar Rialtas Ríocht na Danmhairge reachtaíocht náisiúnta a ghlacadh lena n-áiritheofar go mbeidh an leibhéal céanna cosanta i gcoinne dlíthíocht straitéiseach agus a fhoráiltear leis an Treoir atá beartaithe ag daoine atá ag gabháil don rannpháirtíocht phoiblí. I gcomhréir le hAirteagail 1 agus 2 de Phrótacal Uimh. 22 maidir le seasamh na Danmhairge, atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, ní bheidh an Danmhairg rannpháirteach i nglacadh na Treorach seo agus ní bheidh sí faoi cheangal aici ná faoi réir a cur i bhfeidhm.

([8]) Treoir 2012/29/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2012 lena mbunaítear íoschaighdeáin maidir le cearta, tacaíocht agus cosaint íospartaigh na coireachta, agus a chuirtear in ionad Chinneadh Réime 2001/220/CGB ón gComhairle (IO L 315, 14.11.2012, lch. 57).

([9]) Tuairim SOC/712 ó CESE maidir leis an Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle — Eoraip níos uilechuimsithí agus níos cosantaí: liosta choireanna an Aontais Eorpaigh a leathnú chun an fhuathchaint agus an choireacht fuatha a chur san áireamh ann CESE 2022/00299 – IO C 323, 26.8.2022, lch. 83.

([10]) COM(2022) 177.

([11]) Moladh (AE) 2022/758 ón gCoimisiún an 27 Aibreán 2022 maidir le hiriseoirí agus cosantóirí chearta an duine a bhíonn i mbun rannpháirtíocht an phobail a chosaint ó imeachtaí cúirte ar follasach go bhfuil siad gan bhunús nó mí-úsáideach ("Cúiseanna dlí straitéiseacha in aghaidh rannpháirtíocht an phobail"), (IO L 138, 17.5.2022, lch. 30).

2.17. Tá CESE den tuairim nach gá go ndéanfadh na bearta a glacadh an ceart chun ceartais a shrianadh rómhór agus nár cheart leas a bhaint as na bearta sin ach amháin i gcás mí-úsáide agus drochúsáide.

2.18. Tá CESE den tuairim gur cheart bearta oideachais agus líonra eagraíochtaí a chuireann tacaíocht dlí ar fáil do dhaoine agus d'institiúidí ar tugadh imeachtaí cúirte mí-úsáideacha agus gan bhunús ina gcoinne a bheith ag gabháil le bearta dlí lena gcuirtear cosc ar úsáid imeachtaí den chineál sin. Tá oiliúint iomchuí de dhíth ar ghairmithe dlí — idir bhreithiúna agus dlíodóirí a ghníomhaíonn mar abhcóide cosanta in imeachtaí — i bhfianaise an róil thábhachtaigh atá acu, toisc go bhfuil a gcinntí agus a ngníomhaíochtaí ríthábhachtach don chuspóir maidir leis an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh agus do ráthú an chuspóra sin.

3. **Barúlacha sonracha**

3.1. Is fadhb thromchúiseach é scaipeadh an fheiniméin dhiúltaigh a bhaineann le caingne straitéiseacha atá dírithe ar shrian a chur leis an díospóireacht phoiblí ("caingne SLAPP"). Is den mhórthábhacht, dá bhrí sin, an beart atá á dhéanamh ag an gCoimisiún Eorpach agus ag Parlaimint na hEorpa chun an feiniméan sin a chomhrac, rud atá riachtanach chun cosaint chuí a thabhairt do rannpháirtithe sa díospóireacht phoiblí i gcásanna ina ndéantar mí-úsáid ar an gceart chun imeachtaí dlí d'fhonn éifeacht mhór dhiúltach a chruthú, rud a chuireann na cosantóirí ina dtost agus atá ina dhíspreagadh dóibh leanúint lena gcuid gníomhaíochtaí.

3.2. Ba cheart cosaint i gcoinne chaingne SLAPP a thabhairt do gach rannpháirtí sa díospóireacht phoiblí, is cuma an caingne intíre nó caingne trasteorann iad. Aontaíonn CESE go mbíonn castacht agus costas breise ann don chosantóir de ghnáth nuair a thionscnaítear dlíthíocht i ndlínse Ballstáit amháin in aghaidh duine a chónaíonn i mBallstát eile. D'fhéadfadh an fhadhb chéanna a bheith i gceist, áfach, nuair a thugtar cás os comhair cúirt i gcathair eile nó má úsáidtear teaicticí nós imeachta chun fad a chur leis na himeachtaí sa tír chéanna le hiad a dhéanamh níos costasaí. Mura ndíreofar sa reachtaíocht ach ar na cásanna sin a bhfuil éifeachtaí trasteorann acu, d'fhéadfadh leithcheal gan údar teacht chun cinn sna cearta atá ag daoine aonair agus ag eagraíochtaí a mbíonn tionchar áitiúil ag a gcuid gníomhaíochtaí, agus gan acu ach acmhainní teoranta eagraíochtúla, pearsanra agus airgeadais de ghnáth.

3.3. Le go bhfeidhmeoidh an Treoir mar is ceart, ní mór bunús dlí atá iomchuí agus gan débhrí a shainiú maidir leis an mbeart atá le déanamh. Ba chóir a thabhairt faoi deara nach é príomhchuspóir atá leis na sásraí i gcoinne chaingne SLAPP iompar cuí na n-imeachtaí a áirithiú (ar féidir iad a sheoladh go cuí i gcomhréir le nósanna imeachtaí náisiúnta) ach chun cearta cosantóirí a bhféadfadh sé nach bhfuil na hacmhainní airgeadais agus dlí cuí acu a chosaint. Tá CESE den tuairim nach mór sásraí a chur ar fáil do na cosantóirí, a mbíonn seasamh níos laige acu de ghnáth ná na gearánaithe; sásraí a chuirfidh ar a gcumas dóibh iad féin a chosaint i gcoinne maímh nach bhfuil inmholta, arb ionann iad agus mí-úsáid ar an gceart chun cúirte.

3.4. Tá CESE á chur in iúl nach mór, mar thoradh ar choinníoll trasteorann a thabhairt isteach, scrúdú a dhéanamh cás ar chás ar an méid seo a leanas: (1) an bhfuil sainchónaí ar an dá pháirtí sna himeachtaí sa Bhallstát eile nó an bhfuil siad lonnaithe ansin, (2) an bhfuil an rannpháirtíocht i ndíospóireacht phoiblí faoi ábhar leasa phoiblí ábhartha do níos mó ná Ballstát amháin, nó (3) an bhfuil imeachtaí dlí comthráthacha nó eile roimhe seo tugtha ag an éilitheoir nó eintitis ghaolmhara in aghaidh na gcosantóirí céanna nó cosantóirí gaolmhara i mBallstát eile. D'fhéadfadh measúnú lánroghnach agus teorannú ar an gcosaint a thugtar don chosantóir a bheith mar thoradh ar an dara coinníoll go háirithe.

3.5. Tá CESE den tuairim nár cheart an chosaint i gcoinne SLAPP a dhíriú ar imeachtaí sibhialta amháin. Ba chóir aird ar leith a thabhairt ar sheasamh eagraíochtaí idirnáisiúnta (Coiste um Chearta an Duine na Náisiún Aontaithe, an Eagraíocht um Shlándáil agus Comhar san Eoraip, An Chomhairle Eorpach) maidir le clúmhilleadh a bhaint as an dlí coiriúil. Ní raibh na torthaí a rabhthas ag súil leo ag na bearta a rinneadh go dtí seo mar gur coir é an clúmhilleadh fós i roinnt Ballstát, agus gur féidir fíneáil agus príosúnacht a ghearradh mar phionós ina leith. Tá sé dodhéanta páirt a ghlacadh go hoscailte i ndíospóireacht phoiblí má tá bagairt ionchúisimh choiriúil ann. Molann CESE bearta éifeachtacha agus éifeachtúla a dhéanamh lena áirithiú go gcuirfidh na Ballstáit deireadh leis an gclúmhilleadh coiriúil sa reachtaíocht ar an mbonn gur seaniarsma náireach é ón am a caitheadh atá ag bagairt ar shaoirse chun tuairimí a nochtadh agus a léiriú.

3.6. Tá cuspóir díspreagtha ag smachtbhannaí an dlí choiriúil, is cuma an gcuirtear nó nach gcuirtear i bhfeidhm iad. Dá réir sin, is mó seans go ndéanfaidh siad srian a chur ar an díospóireacht phoiblí ná ar imeachtaí sibhialta. Sa chás go ndéanfaí an chosaint atá ann faoi chóras an dlí choiriúil a thréigean, is féidir go dtarlódh athrú d'aon ghnó ó chaingne sibhialta go caingne coiriúla sa chás nach mbeadh aon chosaint bhreise ann don chosantóir i gcaingne coiriúla.

3.7. Is mian le CESE a chur in iúl nach amháin gur féidir le hinstitiúidí nó comhlachtaí dlí príobháideacha caingne SLAPP a thionscnamh ach gur féidir le comhlachtaí stáit, amhail an tseirbhís ionchúisimh phoiblí, iad a thionscnamh freisin agus nach mór, mar gheall air sin, na hinstitiúidí sin uile a bheith ag teacht faoi raon feidhme na Treorach. Tá CESE ag iarraidh go ndéanfaí an chosaint a thugtar do dhaoine nádúrtha agus dlítheanacha a bhíonn rannpháirteach sa díospóireacht phoiblí, agus dá bhfoinsí, a chur i bhfeidhm go cuí i gcásanna den chineál sin freisin. I ndáil leis sin, ba chóir aird ar leith a thabhairt ar an bhfaireachán a dhéantar ar chaingne SLAPP. Tá saincheisteanna dlisteanacha ag baint leis an gcúram seo a tharmligean chuig na Ballstáit, toisc go bhféadfadh údaráis phoiblí a bheith ina ngearánaithe freisin in imeachtaí SLAPP. Ba chóir machnamh a dhéanamh maidir lenar cheart eagraíochtaí neamhspleácha a bheith páirteach sna gníomhaíochtaí seo nó nós imeachta faireacháin a thabhairt isteach ar leibhéal fornáisiúnta.

3.8. Tá sé tábhachtach nach iriseoirí nó cosantóirí ar chearta an duine amháin a mheasfaí atá i mbaol ó chásanna dlí SLAPP cé gur cheart a chur san áireamh go bhfuil na gairmeacha sin leochaileach, go háirithe, i dtaca le caingne den chineál sin. Ba chóir an spriocghrúpa a shainiú ar bhonn feidhme (bunaithe ar na gníomhachtaí a dhéantar) seachas ar bhonn oideachais nó gairme. Ar an gcaoi sin, ní hamháin gur daoine nach bhfuil bainteach go díreach le gníomhaíochtaí na meán a d'fhéadfaí a chosaint ach go bhféadfaí saoránaigh tiomanta, mar shampla, a chuireann mí-úsáidí ina bpobal féin in iúl go poiblí, nó cineálacha eile sceithirí i gcomhthéacs níos leithne, a chosaint freisin.

3.9. Is díol sásaimh do CESE na ráthaíochtaí nós imeachta atá beartaithe sa dréacht-Treoir — cosaintí, díbhe luath ar mhaímh atá go follasach gan bhunús in imeachtaí cúirte, leigheasanna i leith dlíthíocht mhí-úsáideach, cosaint i gcoinne breithiúnais a thugtar i dtríú tíortha. Ní mór, áfach, é a mheas an bhféadfaí bearta eile a thabhairt isteach a thacódh le hobair na mbreithiúna agus a d'éascódh an obair sin, e.g. comhdhlúthú caingne éagsúla i gcoinne an chosantóra chéanna a éascú nó a ordú i gcás caingne arna dtabhairt ag na gearánaithe céanna nó gearánaithe gaolmhara.

3.10. Tá CESE den tuairim gurbh fhiú freisin méid áirithe uathoibríochais a thabhairt isteach i bhfoirm "réamhrialú", lena suífí go bhfuil cásanna cúirte neamhchomhlíontach má shásaíonn siad na critéir maidir le SLAPP. D'fhágfadh sin nach mbeadh gá imeachtaí dlí a thionscnamh fiú i gcásanna ar léir go bhfuil SLAPP i gceist iontu. Laghdódh sin na costais (ní hamháin ar bhonn príobháideach ach costais phoiblí freisin) agus chuirfí srian le líon na gcásanna a bhogfaí ar aghaidh go dtí an chéad chéim eile.

3.11. Is fiú smaoineamh freisin ar réitigh bhreise a bheadh bunaithe ar shásraí atá ann cheana, amhail:

— imeachtaí a chomhdhlúthú ar iarratas ón gcosantóir ina dhlínse/dlínse ainmnithe féin;

— teorainn ama a leagan síos don nós imeachta nó conair mhear a thabhairt isteach (ar aon dul le nósanna imeachta toghcháin);

— é a chur as an áireamh go bhféadfadh duine éigin eile seachas an gearánaí an chaingean a mhaoiniú (maoiniú tríú páirtí).

3.12. I bhfianaise líon na gcaingne SLAPP a bheith ag dul i méid, molann CESE go gcuirfeadh na Ballstáit na rialacha nua i gcoinne chaingne SLAPP atá sa treoir i bhfeidhm ó thaobh ama de i leith cásanna atá ar siúl nó a bheidh tionscanta nuair a thiocfaidh na rialacha nua i bhfeidhm.

3.13. Ag an am céanna, ní mór athbhreithniú a dhéanamh ar an reachtaíocht náisiúnta maidir le bearta reatha i gcoinne chaingne SLAPP. Mar thoradh ar éifeachtúlacht na sásraí atá i bhfeidhm, is féidir go bhféadfaí na bearta atá beartaithe a fheabhsú agus cosaint a thabhairt dóibhsean atá i mbaol. Má tá uirlisí cheana sa reachtaíocht náisiúnta a d'fhéadfadh dul i ngleic go páirteach leis an bhfadhb atá i gceist, bheadh sé riachtanach na cúiseanna nach bhfuiltear á gcur i bhfeidhm go cuí a shainaithint. Ar thaobh amháin, gan beann ar an treoir atá beartaithe, d'fhéadfadh anailís den chineál sin cás na rannpháirtithe sa díospóireacht phoiblí atá faoi bhagairt ó chaingne SLAPP a fheabhsú agus, ar an taobh eile, d'fhéadfadh sé a bheith ina staidéar suimiúil i dtaobh reachtaíocht nua a dhréachtú agus a chur i bhfeidhm.

3.14. Ó tharla nach gclúdaíonn an Treoir atá beartaithe cásanna intíre, cuireann CESE fáilte roimh Mholadh (AE) 2022/758 maidir le hiriseoirí agus cosantóirí chearta an duine a ghabhann do rannpháirtíocht phoiblí a chosaint ó imeachtaí cúirte atá go follasach gan bhunús nó atá mí-úsáideach agus áitíonn sé ar na Ballstáit an leibhéal céanna cosanta a thabhairt is atá leagtha amach sa Treoir atá beartaithe. Níor cheart gníomhaíochtaí an Aontais, áfach, a bheith teoranta do mholtaí ach go gceanglófaí ar na Ballstáit a gcuid reachtaíochta sa réimse seo a chomhchuibhiú d'fhonn leibhéal cothrom cosanta a thabhairt sna Ballstáit uile i gcoinne chaingne SLAPP. Baineann sin go háirithe le sainmhínithe sa dlí agus raon feidhme na cosanta i gcás chaingne SLAPP, d'fhonn léirmhíniúcháin éagsúla a sheachaint chomh maith le leibhéil éagsúla cosanta sna Ballstáit.

3.15. De thoradh dhinimic na faidhbe a bhaineann le caingne straitéiseacha atá dírithe ar bhac a chur leis an díospóireacht phoiblí, molann CESE go ndéanfaí athbhreithniú ar chur i bhfeidhm na Treorach tar éis tréimhse trí bliana ar a mhéad, seachas na cúig bliana dá bhforáiltear faoi láthair. Ba chóir do na Ballstáit, dá bhrí sin, faisnéis a chur ar fáil don Choimisiún maidir le cur i bhfeidhm na Treorach dhá bhliain i ndiaidh an treoir a thrasuí. Ba chóir don Choimisiún tuarascáil maidir le cur i bhfeidhm na Treorach a thíolacadh bliain ina dhiaidh sin, is é sin trí bliana i ndiaidh an Treoir a thrasuí.

3.16. Tá CESE ag iarraidh ar an gCoimisiún dul i gcomhairle le hiriseoirí agus leis na páirtithe leasmhara, na comhpháirtithe sóisialta agus eagraíochtaí na sochaí sibhialta nuair a bheidh an t-athbhreithniú á ullmhú aige le go mbeidh an fhaisnéis sin mar chomhlánú ar an bhfaisnéis arna cur ar fáil ag na Ballstáit i measúnuithe neamhspleácha ar chur i bhfeidhm na Treorach.

3.17. Is den mhórthábhacht é na bearta oideachais a luaitear i Moladh (AE) 2022/758 a chur i bhfeidhm. Tá gá, go háirithe, le hoiliúint iomchuí do ghairmithe dlí (breithiúna agus dlíodóirí araon atá ag gníomhú ar thaobh na cosanta in imeachtaí) chomh maith le gníomhaíochtaí oideachais níos leithne atá dírithe ar an bpobal trí chéile sna Ballstáit, toisc go bhféadfadh aon duine díobh a bheith faoi bhagairt ag caingean SLAPP de thoradh é nó í a bheith ina rannpháirtí i ndíospóireacht phoiblí. Ba chóir go dtabharfaí aird chuí sna bearta oideachais sin ar SLAPP agus gné thrasnáisiúnta a bheith i gceist, rud atá clúdaithe faoin Treoir atá beartaithe. Ina theannta sin, ní mór feachtais ghinearálta a eagrú sna Ballstáit uile, chun na cearta agus na saoirsí chun tuairimí a nochtadh a scaipeadh agus a chur chun cinn, mar chomhlánú agus mar threisiú ar an Treoir.

3.18. Gné thábhachtach den chóras i gcoinne caingne straitéiseacha atá dírithe ar bhac a chur ar an díospóireacht phoiblí ba cheart a bheith ann freisin cúnamh dlí in aisce a thabhairt do dhaoine aonair agus d'eagraíochtaí atá i mbaol. Tacaíonn CESE le bunú agus forbairt institiúidí dlí in ollscoileanna agus ag cumainn gairmithe dlí chomh maith le heintitis eile atá in ann tacaíocht a chur ar fáil. Ní mór a áirithiú, áfach, go bhfuil na comhlachtaí arna moladh ag na Ballstáit chun tabhairt faoi na gníomhaíochtaí sin inchreidte, neamhspleách agus gairmiúil, agus go bhfuil a gcuid gníomhaíochtaí faoi réir fíorú neamhspleách iomchuí ag údaráis an Bhallstáit lena mbaineann.

An Bhruiséil, an 26 Deireadh Fómhair 2022.

Uachtarán
Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa
Christa SCHWENG